



An Roinn Fiontar,  
Trádála agus Fostaíochta  
Department of Enterprise,  
Trade and Employment

# Comhairliúchán poiblí ar an togra le haghaidh Rialacháin ón AE maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála a chomhrac

---

# Comhairliúchán poiblí ar an togra le haghaidh Rialacháin ón AE maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála a chomhrac.

## 1. Forbhreathnú

### 1.1 Intreoir

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an Roinn) ag lorg aighneachtaí chuig comhairliúchán poiblí ar [thogra le haghaidh Rialachán AE maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála a chomhrac](#). Déanfaidh an Roinn ionadaíocht ar Éirinn ag an gcaibidlíocht ar thograí an Choimisiúin sna míonna amach romhainn, agus cuideoidh freagairtí ar an gcomhairliúchán lenár seasamh ag na hidirbheartaíochtaí sin a threorú.

### 1.2 Cuspóir an Rialacháin atá beartaithe

Is é is cuspóir don togra seo Rialachán de chuid an AE a chur in ionad Threoir 2011/7/CE maidir le híocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála a chomhrac (an Treoir um Íocaíocht Dhéanach).

Cuirtear an Treoir um Íocaíocht Dhéanach i bhfeidhm in Éirinn ag an ionstraim reachtúil, Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 arna leasú.

Beidh feidhm ag raon feidhme an Rialacháin atá beartaithe maidir le hidirbhearta tráchtála earraí agus seirbhísí idir comhlachtaí poiblí agus gnó, agus idirbhearta tráchtála gnó-le-gnó.

Tá an togra dírithe ar aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa Treoir a sainaitníodh trí staidéir agus trí chomhairliúcháin le geallsealbhóirí san athbhreithniú ar an gcreat rialála reatha, amhail:

- Tá an togra dírithe ar aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa Treoir a sainaitníodh trí staidéir agus trí chomhairliúcháin le geallsealbhóirí san athbhreithniú ar an gcreat rialála reatha, amhail
- Rialacha éagsúla a bhaineann le hidirbhearta tráchtála gnó-le-gnó agus le hidirbhearta tráchtála idir comhlachtaí poiblí agus gnó.
- Forálacha débhríocha sa Treoir a bhaineann leis an téarma “mór-éagórach” a d’fhéadfadh deacracht a chruthú i gcomhthéacs socrúithe conarthacha.
- Easpa monatóireachta agus forfheidhmithe
- Easpa sineirgí le soláthar poiblí

- Easpa uirlisí atá ar fáil chun cabhrú le gnólachtaí fadhbanna a bhaineann le híocaíocht dhéanach a réiteach.

Tá an Rialachán nua seo á mholadh ag an gCoimisiún agus é d'aidhm aige ar deireadh feabhas a chur ar smacht íocaíochta na n-údarás poiblí, na gcuideachtaí móra agus na FBManna agus gnólachtaí a chosaint ó éifeachtaí diúltacha moilleanna íocaíochta in idirbhearta tráchtála trí:

- Cosc a chur ar íocaíocht dhéanach
- Íocaíochtaí tráthúla a éascú
- Cothroime in idirbhearta tráchtála a chur chun cinn
- Córais sásaimh a neartú

### **1.3 Príomhghnéithe an Rialacháin atá beartaithe**

Déanfaidh an Rialachán atá beartaithe athruithe suntasacha ar na rialacha reatha d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a shainaitheann sa Treoir:

- Déanfar uasteorainn téarma íocaíochta de 30 lá d'idirbhearta gnó-le-gnó agus d'idirbhearta idir comhlachtaí poiblí agus gnó a fhorfheidhmiú (Airteagal 3)
- Ní bheidh aon cheart tarscaoilte chun úis a íoc agus cúiteamh as íocaíochtaí déanacha (Airteagal 5)
- Fanfaidh ús ar íocaíocht dhéanach ag an ráta tagartha móide 8 bpointe céatadáin (Airteagal 6) agus cúiteamh ar tháille chomhréidh de €50 in aghaidh an idirbhirt tráchtála (Airteagal 8) i leith costais aisghabhála
- Beidh gá le húdarás forghníomhaithe tiomnaithe a bhunú, a mbeidh cumhachtaí aige smachtbhannaí agus pionóis a fhorchur (Airteagal 13), roghanna idirghabhála (Airteagal 16)
- Beidh téarmaí conarthacha a chuireann isteach ar rialacha a leagtar amach sa Rialachán ar neamhní (Airteagal 9)
- Beidh ar an bpríomhchonraitheoir le haghaidh gach conradh oibreacha poiblí a thagann faoi raon feidhme na dTreoracha um sholáthar poiblí, íocaíocht thráthúil le fochonraitheoirí a fhíorú (Airteagal 4)
- Ceanglaítear leis an togra ar na Ballstáit go léir infhaighteacht agus rochtain FBManna ar uirlisí bainistíochta creidmheasa, oiliúint litearthachta airgeadais a éascú agus a chur chun cinn agus úsáid uirlisí digiteacha ag FBManna le haghaidh íocaíochtaí tráthúla a chothú (Airteagal 17).

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán atá beartaithe maidir le híocaíochtaí as idirbhearta le tomhaltóirí, íocaíochtaí a dhéantar mar chúiteamh ar dhamáistí nó íocaíochtaí a eascraíonn as oibleagáidí is féidir a chur ar ceal, a chur siar, nó a tharscaoileadh faoi imeachtaí dócmhainneachta nó imeachtaí athstruchtúraithe nó i ndáil leo.

## 2. Aighneachtaí

Iarrann an Roinn aighneachtaí maidir le haon ghné den Rialachán beartaithe seo, go háirithe, maidir leis na príomhghnéithe a leagtar amach i mír 1.3.

Iarrtar ar fhreagróirí a thabhairt dá n-aire gurb é polasaí na Roinne caitheamh le gach aighneacht a fhaightear mar aighneachtaí poiblí mura n-iarrtar rúndacht go sonrach. Iarrtar ar fhreagróirí, mar sin, ábhar a mheasann siad a bheith faoi rún a shainaitheint go soiléir agus é sin a chur in iarscríbhinn ar leith dá bhfreagra, lipéadaithe “rúnda”.

I gcás ina gcuirtear freagraí isteach le ríomhphost, agus go n-áirítear sna ríomhphoist sin fógraí arna nginiúint go huathoibríoch ag rá gur cheart déileáil leis an ábhar céanna mar ábhar rúnda, ba cheart do rannpháirtithe a shoiléiriú i gcorp a gcuid ríomhphoist an gcaithfeair, i ndáiríre, lena gcuid tuairimí mar rún.

Iarrtar ar fhreagróirí a n-aighneachtaí a dhéanamh trí ríomhphost. Ba cheart ‘Togra le haghaidh Rialacháin AE maidir le hÍocaíochtaí Déanacha a Chomhrac’ a mharcáil ar aighneachtaí nó ceisteanna maidir leis an gcomhairliúchán agus iad a sheoladh ar ríomhphost chuig [accesstofinance@enterprise.gov.ie](mailto:accesstofinance@enterprise.gov.ie)

Is é an spriocdháta chun aighneachtaí a fháil ná **5pm Dé Máirt, 14 Samhain 2023**.

### Saoráil Faisnéise

Dírítear aird na bhfreagróirí ar an bhfíric gur féidir faisnéis a chuirtear ar fáil don Roinn a nochtadh mar fhreagra ar iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Dá bhrí sin, ba cheart duit aon fhaisnéis a mheasann tú a bheith íogair ó thaobh tráchtála de a shainaitheint, agus sonraigh an chúis lena híogaireacht. Rachaidh an Roinn i gcomhairle le haon fhreagróir a d’fhéadfadh difear a dhéanamh maidir le faisnéis a shainaitheint mar fhaisnéis íogair sula ndéanfar cinneadh ar aon iarratas um Shaoráil Faisnéise.